



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Central Statistics Office

census  
2011  
RESULTS  
www.cso.ie

## Preas Ráiteas Press Statement

### Torthaí Daonáirimh 2011

#### Próifíl 4 An Díon ós ár gCionn – Tithíocht in Éirinn

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gur mhéadaigh líon na dteaghlach lena gcuid cóiríochta ar cíos acu faoi 47 faoin gcéad ón mbliain 2006 i leith, ionas gurb ionann an figiúr agus 474,788 in Aibreán 2011 agus dá thoradh tháinig laghdú suntasach ar an ráta iomlán úinéireachta tí ó 74.7 faoin gcéad go 69.7 faoin gcéad.

Déantar iniúchadh i bhfoilseachán an lae inniu, “Próifíl 4 An Díon ós ár gCionn – Tithíocht in Éirinn” [*Profile 4 The roof over our heads – Housing in Ireland*], ar thréithe os cionn 1.6 milliún áit chónaithe buan áitithe ar an 10ú Aibreán 2011, chomh maith le 289,451 áit chónaithe a aithníodh mar áitribh folmha tráth ama an daonáirimh.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo pictiúr níos doimhne ar an tithíocht in Éirinn tráth ama an daonáirimh dheireanaigh. Léiríonn sí torthaí mionsonraithe ar thréithe tithíochta cosúil le teas, séarachas agus uisce chomh maith le hanailís ar chíosú in Éirinn, cúrsaí tithíochta i measc na náisiúnach neamh-Éireannach agus staidéar ar áiteanna cónaithe folmha ar fud na tíre.”

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin. Tá sonraí daonáirimh cheantair bhig ar fáil anois chomh maith ar an bhfeidhmchlár léarscáile daonáirimh nua ar shuíomh gréasáin an CSO.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Bhí ról tábhachtach ag an tithíocht i ndáil le rathúnas geilleagrach na hÉireann le blianta beaga anuas agus soláthraíonn an tuarascáil seo eolas tábhachtach nua ar an ngné ríthábhachtach seo de shaol na hÉireann. Tá sonraí breise faoi thorthaí tithíochta an daonáirimh ar fáil sna sonraí daonáirimh cheantair bhig atá ar fáil san fheidhmchlár léarscáile nua (SAPMAP) ar shuíomh gréasáin an CSO. Anseo, is féidir le húsáideoirí saintréithe tithíochta mionsonraithe a fháil i ndáil le raon fairsing limistéar geografáil ó leibhéal an chontae de síos chomh fada le bailte, toghranna agus 18,488 Ceantair Bheaga. Cuireann an feidhmchlár léarscáile seo gach athróg daonáirimh ar fáil ar leibhéal áitiúil ar fud na tíre agus is tábhachtach an chéim é i ndáil leis na sonraí a thabhairt chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach, atá sorochtana do chách.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)



+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@csso.ie  
www.cso.ie

## **Buaicphointí na tuarascála**

### **Moilliú i bhfás an stoic tithíochta idir 2006 agus 2011**

In Aibreán 2011 bhí 1,994,845 áit chónaithe sa Stát, figiúr arbh ionann é agus méadú 225,232 (12.7%) ar sroc tithíochta na bliana 2006 agus ar léiriú é ar mheánráta fáis bhliantúil de chuid 2.4 faoin gcéad le linn na tréimhse idir-dhaonáirimh.

I gcomparáid leis sin, chonaic an tréimhse idir-dhaonáirimh roimhe sin ó 2002 go 2006 méadú de chuid 309,560 (21.2%) sa stoc tithíochta.

### **Méadú suntasach ar chóiríocht cíosa**

Mhéadaigh líon na dteaghlach i gcóiríocht cíosaithe faoi 47 faoin gcéad go 474,788, suas ó 323,007 sa bhliain 2006. Méadaigh céatadán iomlán na dteaghlach a raibh a gcuid cóiríochta ar cíos acu go 29 faoin gcéad agus dá réir tháinig laghdú suntasach ar na rátaí úinéireachta tí ó 74.7 faoin gcéad in 2006 go 69.7 faoin gcéad in 2011.

B'ionann an líon áiteanna cónaithe faoi úinéireacht trí mheán morgáiste nó iasachta reatha agus 583,148, laghdú beag ó 593,513 sa bhliain 2006, astu sin bhí 50,792 teaghlach faoi cheannas duine a bhí difhostaithe nó ag lorg oibre, ag déanamh ionadaíochta ar 8.7 faoin gcéad de gach teach le hiasacht nó morgáiste acu. Laistigh den ghrúpa sin bhí 25,921 teaghlach (51%) nach raibh aon duine sa teaghlach a bhí i mbun fostaíochta.

### **Fás suntasach in árasáin**

Lean an méadú in árasáin mar chineál cóiríochta in Éirinn ar aghaidh idir 2006 agus 2011 le 177,587 árasán áitithe in 2011, méadú de chuid 27 faoin gcéad ar fhigiúr na bliana 2006 de chuid 139,872. Chuimsigh árasáin 10.9 faoin gcéad de theaghlaigh áitithe uile in 2011 agus b'ionann iad agus nach mór aon trian de chineálacha cóiríochta uile i gCathair Bhaile Átha Cliath, an líon is airde i measc aon cheantar údaráis áitiúil.

### **Tithe níos lú ar an gcéad rogha arís**

Léiríonn torthaí daonáirimh 2011 freisin gur tháinig méadú suntasach ar líon na dteaghlach trí sheomra nó níos lú ón mbliain 2002 i leith, ag comhtharlú leis an ráta ard tógála árasán le linn na tréimhse céanna.

Tharla an méadú seo ar thithe le níos lú seomraí sna ceantair uirbeacha, áit inar mhéadaigh líon na n-áiteanna cónaithe a raibh trí sheomra nó níos lú iontu ó 15 faoin gcéad in 2002 go 21 faoin gcéad in 2011.

### **Níos dóchúla go mbeadh níos lú seomraí i dteaghlaigh áitithe ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha**

I gceithre cinn as gach deich n-áit chónaithe gurbh náisiúnach neamh-Éireannach a bhí mar cheann a teaghlaigh, trí sheomra nó níos lú a bhí ann. Méadaigh an céatadán seo chuig os cionn 50 faoin gcéad i gcás teaghlaigh faoi cheannas cónaitheoirí Áiseacha nó Afracacha. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh uasmhéid trí sheomra ach i dteaghlach amháin as gach ocht dteaghlach Éireannach.

I gceantair uirbeacha d'íoc teaghlaigh gurbh náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bhí ina gceann teaghlaigh €181 in aghaidh na seachtaine le tiarnaí talún príobháideacha, beagán níos mó ná mar a d'íoc teaghlaigh Éireannacha. Bhí na cíosanna cosúil lena chéile i bheag nó i mhór don dá ghrúpa i gceantair tuaithe.

Seachas náisiúnaigh na Breataine d'fhan rátaí na húinéireachta tí i measc náisiúnaigh neamh-Éireannacha íseal. Tháinig méadú ar líon na dteaghlach Polannach le hiasacht nó morgáiste acu ó 648 in 2006 go 1,820 in 2011, agus i gcás cónaitheoirí ó na stáit aontachais fágtha tháinig méadú de chuid 73 faoin gcéad ar líon na dteaghlach le morgáiste acu, ó 1,537 go 2,658 sa tréimhse cúig bliana.

Tuilleadh/...

## **Difríochtaí réigiúnacha i gcineálacha breosla a úsáidtear do théamh lárnach**

Cuireadh ceist i nDaonáireamh 2011 faoin gcineál breosla a úsáidtear i gcórais théamh lárnaigh agus tháinig difríochtaí suntasacha i ndáil le húsáid breosla chun cinn ag leibhéal réigiúnach. Bhí tábhacht an ola mar fhoinsé breosla don téamh lárnach níos mó in Uladh (cuid de) agus i réigiún an Oirdheiscirt. Bhí Muineachán chun cinn le hós cionn 80 faoin gcéad de theaghlaigh sa chontae ag úsáid ola don téamh lárnach.

Ba é gás nádúrtha rogha an bhreosla um théamh d'ós cionn 70 faoin gcéad de thithe agus árasáin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas agus Fine Gall.

Bhí sciar níos airde d'áiteanna cónaithe áitithe sa réigiún Lár Tíre ag brath ar bhreoslaí soladacha (gual, móin agus millíní adhmaid) don téamh lárnach le hUíbh Fhailí ar bharr na catagóire seo le céatadán de chuid 37.1 faoin gcéad.

## **Os cionn 400,000 umar seipteach aonair**

Bhí nach mór 1.1 milliún teach ceangailte de scéimeanna séarachais poiblí in 2011, méid arbh ionann é agus dá thrian de gach teaghlach, le formhór acu (96%) i gceantair uirbeacha. D'úsáid 437,652 (27.5%) teaghlach breise umar seipteach aonair agus d'úsáid 50,259 (3%) teaghlach córais séarachais aonair eile.

Chur an phríomhlíne phoiblí an t-uisce óil ar fáil do 78 faoin gcéad de theaghlaigh uile. Bhí 9 faoin gcéad breise ceangailte de ghrúpscéimeanna uisce údaráis áitiúla agus bhí 13 faoin gcéad ceangailte d'fhoinsí príobháideacha (grúpa agus eile).

## **Gan nasc idirlín ach ag teaghlach amháin as gach cúig theaghlach pinsinéara aonair**

Ní raibh rochtain ar an idirlín ag nach mór sé as gach deich dteach ina raibh ceann an teaghlaigh 65 bliain d'aois nó os a chionn in 2011. D'ardaigh an figiúr seo go 79 faoin gcéad i gcásanna go raibh an duine d'aois 65 nó os a chionn ag cónaí ina aonar.

Bhí úinéireacht ghluaisteáin measartha íseal chomh maith in áiteanna cónaithe go raibh ceann an teaghlaigh 65 bliain d'aois agus os a chionn; i gceantair uirbeacha ní raibh gluaisteán ag nach mór ceann as gach trí cinn de na teaghlaigh seo agus i gceantair tuaithe bhí an figiúr seo beagán faoi bhun ceann as gach cúig theaghlach. In 2011 ní raibh úinéireacht nó úsáid ghluaisteáin ag 52 faoin gcéad de theaghlaigh phinsinéara aonair i gceantair uirbeacha agus ba ea 40 faoin gcéad an figiúr seo i gceantair tuaithe.

## **Níos lú tithe folmha ach níos mó árasáin folmha**

B'ionann líon iomlán na n-áiteanna cónaithe folmha in Aibreán 2011 agus 289,451, tithe folmha ba ea 168,427 díobh, árasáin folmha ba ea 61,629 díobh agus tithe samhraidh folmha ba ea 59,395 díobh.

Tháinig laghdú 4 faoin gcéad ar líon na dtithe folmha ó 174,935 in 2006 go 168,427 in 2011. Tharla na laghduithe céatadán ba shuntasáí i líon na dtithe folmha i gceantar Bhaile Átha Cliath, le laghduithe os cionn 30 faoin gcéad á dtaifeadadh.

Mar sin féin, mhéadaigh líon na n-árasán folamh go 48 faoin gcéad thar an tréimhse chéanna cúig bliana ó 41,598 go 61,629, le méaduithe á dtaifeadadh i ngach contae.

## **Cuimsíonn tithe samhraidh trí faoin gcéad den stoc tithíochta**

Tháinig méadú de chuid 19 faoin gcéad ar líon na dtithe samhraidh ó 49,789 in 2006 go 59,395 in 2011. Bhí 10,636 teach samhraidh folamh i nDún na nGall in 2011, an líon ab airde in aon chontae agus figiúr arbh ionann é agus 18 faoin gcéad de na tithe samhraidh uile sa Stát.

Nuair a rinneadh anailísiú ar láithreacha na dtithe samhraidh, bhí 29,951 (50%) acu suite níos lú ná ciliméadar ón gcósta. Bhí 2,141 teach samhraidh ar oileáin amach ó chósta na míntíre, bhí 646 teach in Acaill i Maigh Eo agus 303 teach ar Oileán Dhairbhre i gCiarraí.

Tuilleadh/...

**Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

**Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

Shaun McLaughlin on (01) 895 1474.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*30 Lúnasa 2012*

**– CRÍOCH –**